

## **SEICLIOSTA LE HAGHAIDH CHONRADH FOSTAÍOCHTA MÚINTEORA~TÉARMA SOCRAITHE**

Tá na leideanna sa doiciméad aibhsithe le dath dearg. Is gá a chinntiú go scriostar na leideanna agus go n-ionsátar an t-eolas cuí.

Toisc gur teimpléad an doiciméad seo ní mór é a chur in oiriúint do riachtanais dhílse na scoile. Tá sé arna bheartú go n-úsáidfean an Conradh teimpléadach nuair a bhíonn fostaithe nua á gceapadh.

Tá sé tábhachtach go dtragraítear don Nóta Treorach maidir le Saincheisteanna Fostaíochta Ginearálta atá ar shuíomh idirlín CPSMA [CBBC (Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha)].

Fostaí téarma shocraithe is ea an leagan cineálach a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar fhostaithe ar fostú go sealadach ar feadh tréimhse socraithe/tréimhse ama socraithe, le haghaidh cuspóra shonraithe nó chun sainchúram a shlánú. Tá dhá chonradh theimpléadacha ar fáil ar shuíomh idirlín CPSMA [CBBC]:

(a) conradh le haghaidh múinteora~téarma socraithe

(b) conradh le haghaidh múinteora~cuspóir sonraithe

Tá sé tábhachtach a chinntiú go n-úsáidtear an Conradh ceart. Is ceart teimpléad an “conradh fostaíochta múinteora~téarma socraithe” a úsáid nuair a bhíonn tú cinnte faoi thréimhse an chonartha i.e. an múinteoir seasta a bheith amuigh ar feadh tréimhse ama cinnte. Má bhíonn múinteoir seasta amuigh ar sos gairme, mar shampla, is cinnte nach mbeidh sé/sí ag filleadh ar obair le linn chúrsa na bliana agus mar sin bíonn conradh téarma shocraithe oiriúnach. Ar an taobh eile nuair nach mbíonn an t-am a fhillfidh an múinteoir seasta ar eolas go cinnte e.g. an múinteoir seasta ar saoire mháithreachais, saoire bhreiteachta, saoire chúramóra, etc. is ceart teimpléad an “conradh fostaíochta múinteora~cuspóir sonraithe” a úsáid.

Tá fáil ar an doiciméad dar teideal “Eolas Ginearálta maidir le Conarthaí Téarma Shocraithe/Conarthaí Cuspóra Shonraithe~ Nóta Treorach CPSMA [CBBC]” maidir le hathnuachan chonarthaí múinteoirí sealadacha ar shuíomh idirlín ag [www.cpsma.ie](http://www.cpsma.ie). Moltar go láidir dul i gcomhairle an doiciméid seo sula gcinntear ar cheann amháin den dá chonradh theimpléadacha a roghnú agus fostaí á fhostú ar bhonn sealadach.

Toisc go mbeadh sé an-neamhghách príomhoide gníomhach sealadach a fhostú ar bhonn téarma shocraithe, níl tagairt do seo sa doiciméad teimpléadach. Sa chás go dtarlaíonn seo ní mór an Conradh fostaíochta do mhúinteoir~téarma socraithe a chur in oiriúint chun seo a thógaint san áireamh, ní mór an sainchuntas poist a chur in oiriúint chomh maith.

## AN NDEARNA TÚ

1. An dáta agus an bhliain a ionsá?
2. An t-ainm, an seoladh agus an uimhir rolla a ionsá?
3. Ainm agus seoladh an fhostaí a ionsá?
4. A chur in iúl cé acu post lánaimseartha nó post páirtaimseartha atá i gceist agus pé ceann díobh nach bhfuil i gceist a scriosadh? Clásal 1.01
5. An líon uaireanta a bhíonn le hoibriú a ionsá más post páirtaimseartha é? Feic clásal 1.01?
6. Teideal na fostaíochta a ionsá (e.g. múinteoir cúnta) ? Feic clasal 1.02.
7. A chinntiú go bhfuil an sainchuntas poist cuí ag gabháil leis an gconradh? Níl sna dualgais shamplacha san Aguisín ach treoir do scoileanna maidir leis na cineálacha dualgas ar cheart tagairt a dhéanamh dóibh agus ar cheart a chur in oiriúint do riachtanais dhílse na scoile. Feic clásal 1.02 agus an tAguisín.
8. An dáta tosaithe a ionsá? Feic clásal 2.01
9. Dáta éagtha an téarma shocráithe a ionsá? Feic clásal 2.01
10. Má bhíonn an múinteoir fostaithe tar éis an 1<sup>ú</sup> lá oibre i Mí na Samhna is gá a chinntiú gurb é an lá scoile deireanach i Meitheamh (nó roimhe sin) an lá éagtha mar go bhféadfadh an bord bainistíochta a bheith faoi dhliteanas chun íoc as a chistí dílse le linn Iúil agus Lúnasa. Feic clásal 2.01
11. “An Conradh téarma shocráithe seo” nó “an Conradh téarma shocráithe breise seo” a scriosadh mar is iomchuí? Feic clásal 2.03
12. Na forais oibiachtúla gur Conradh téarma shocráithe an Conradh a ionsá? Is gá an chúis le go bhfostaítear múinteoir ar chonradh téarma shocráithe a ionsá. Ní mór a bheith soiléir faoin gcúis go díreach go mbíonn Conradh téarma shocráithe i gceist seachas Conradh seasta. Tá samplaí de fhorais oibiachtúla luaite san teimpléad. Is gá duit a chinntiú go scriostar na samplaí atá luaite sa teimpléad agus nach bhfuil oiriúnach. Muna bhfuil an foras oibiachtúil sna samplaí ionsáigh an foras oibiachtúil ceart agus scrios na samplaí uile. Feic clásal 2.03.1 go clásal 2.03.03
13. An modh a gcuirfidh an fostóir múinteoirí téarma shocráithe ar an eolas maidir le folúntais do phoist mhúinteoireachta sheasta a ionsá? Feic clásal 2.05

14. Clásal 2.06 a ionsá nó a scriosadh? Nuair a bhíonn an post ann de bharr uaireanta páirtaimseartha agus sealadacha is ceart clásal 2.06 a ionsá. Cinntigh chomh maith le do thoil go scriostar an tagairt do seo atá i ndúch dearg sa teimpléad. Is ceart aire shonrach an mhúinteora téarma shocraithe a dhíriú ar an gclásal seo má tá sé curtha isteach sa chonradh. Feic clásal 2.06.
15. An tréimhse phromhaidh a ionsá? Feic clásal 3.01.
16. An treorú i ndúch dearg gur cheart an conradh a shíniú i ndúblach etc. a scriosadh?
17. An treorú san aguisín i ndúch dearg faoi na dualgais san sainchuntas poist teimpléadach gan a bheith ach mar threoir do scoileanna etc a scriosadh?
18. A chinntiú go síníonn an Cathaoirleach agus an Fostaí araon an conradh i **ndúblach**?
19. A chinntiú go bhfuil cóip amháin den chonradh sínithe coinnithe ag an scoil agus cóip amháin tugtha don fhostaí?
20. Má ardaítear ceisteanna dlí maidir le fostaíocht moltar don scoil teagmháil a dhéanamh lena cuid árachóirí chun an t-ábhar a thuairisciú agus chun a fhionnadh má tá údarú ann chun comhairle dlí a fháil.